2025/2436

2.12.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2436 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1775 ([1]).

(2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2208 ([2]) lenar bunaíodh creat nua lena ndéantar foráil do bhearta sriantacha breise a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí i mbaol, nó a bhí comhpháirteach iontu nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach, sna gníomhaíochtaí nó beartais sin, nó a chuireann bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí, nó a bhaineann an bonn de chur i gcrích rathúil an aistrithe pholaitiúil sin.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Airteagail 1(1) agus 2(1) agus (2) de Chinneadh (CBES) 2017/1775, ba cheart na bearta sin a athnuachan go dtí an 14 Nollaig 2026 agus ba cheart na cúiseanna sna hiontrálacha a bhaineann leis na daoine a áirítear ar liostaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a leasú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8(1), cuirtear ‘an 14 Nollaig 2026’ in ionad an dáta ‘an 14 Nollaig 2025’;

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an dáta tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1775/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/2208 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2208/oj).

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1(1):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2.12.1979 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Leifteanant-Ghinearál	Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an *coup* a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné. Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT) ó mhí na Nollag 2020. An 16 Deireadh Fómhair 2024, thug Comhairle Airí Mhailí ardú céime do Malick Diaw go Leifteanant-Ghinearál "3 réalta". Níor éirigh le CNT na "misin" atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 ("Cairt Idirthréimhseach") agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an mhoill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach. Bhí Malick Diaw i gceannas ar an seisiún inar formheasadh an t-athbhreithniú ar an gCairt Idirthréimhseach an 3 Iúil 2025 lena dtugtar sainordú inathnuaite 5 bliana do Assimi Goïta gan toghcháin. Leis an athbhreithniú ar an gCairt Idirthréimhseach, déantar post Assimi Goïta agus cumhachtaí an junta a chomhdhlúthú toisc nach bhfuil oibleagáid láithreach inti toghcháin a reáchtáil.	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.	
2.	WAGUÉ, Ismaël	Áit bhreithe: Bamako Dáta breithe: 2.3.1975 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023 Inscne: fireann Post: An tAire Athmhuintearais, Leifteanant-Ghinearál	Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an *coup* an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw. An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don Choiste Náisiúnta um Shlánú na nDaoine (*Comité national pour le salut du peuple*, CNSP). An 16 Deireadh Fómhair 2024, thug Comhairle Airí Mhailí ardú céime do Ismaël Wagué go Leifteanant-Ghinearál "3 réalta". Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Agus é ina Aire Athmhuintearais sa Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, bhí Ismaël Wagué i gceannas ar an gComhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Bhuanchreata Straitéisigh (*Cadre Stratégique Permanent*, CSP), chuidigh sé le bac a chur ar Choiste Faireacháin an Chomhaontaithe um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí (*Comité de suivi de l'accord*, CSA), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de "misin" aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach. An 25 Eanáir 2024, cháin an Rialtas Idirthréimhseach an Comhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí go géar agus dhearbhaigh sé go gcuirfí deireadh leis láithreach. Ón dáta sin i leith, tá méadú suntasach tagtha ar na srianta forlámhacha atá á bhforchur ag an Rialtas Idirthréimhseach.	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé ag cur bac ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus tá an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin.	
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí Dáta breithe: 5.2.1971 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí Inscne: fireann Post: iar-Aire um an Athbhunú	Is comhalta de choiste straitéiseach M5-RFP é Ibrahim Ikassa Maïga (*Mouvement du 5 juin – Rassemblement des forces patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Agus é ina Aire um an Athbhunú ó mhí an Mheithimh 2021 go mí na Samhna 2024, bhí Ibrahim Ikassa Maïga freagrach as na Comhairliúcháin Náisiúnta um an Athbhunú (*Assises nationales de la Refondation*, ANR), a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga, a phleanáil. Fiú tar éis do dhuine eile ról Ibrahim Ikassa Maïga a ghlacadh sa rialtas ina ionad, chuir sé é féin in iúl go polaitiúil agus i ndlúthpháirtíocht le rialtas Mhailí, rud a léiríonn go bhfuil dlúthnaisc fós aige leis an rialtas sin. Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar an amchlár le haghaidh athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.	4.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2436/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana. Mar thoradh ar amchlár athbhreithnithe a tíolacadh i mí an Mheithimh 2022, inar foráladh go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach an 21 Meán Fómhair 2023 go gcuirfí na toghcháin siar arís. An 25 Eanáir 2024, cháin an Rialtas Idirthréimhseach an Comhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí go géar agus dhearbhaigh sé go gcuirfí deireadh leis láithreach. Ón dáta sin i leith, tá méadú suntasach tagtha ar na srianta forlámhacha atá á bhforchur ag an Rialtas Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus ar chur i gcrích aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. Mar iar-Aire, comhbhunaitheoir de Espoir Mali Koura agus comhbhunaitheoir de M5-RFP (*Mouvement du 5 juin – Rassemblement des forces patriotiques*), leanann Ibrahim Ikassa Maïga de thionchar a bheith aige ar, agus de bheith ag tacú go láidir le junta Mhailí. I bhfianaise na ráiteas poiblí uaidh, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a thabhairt ar láimh d'údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
6.	Ivan Aleksandrovitch MASLOV Иван Александрович МАСЛОВ	Dáta breithe: 11.7.1982 nó 3.1.1980 Áit bhreithe: sráidbhaile Arkhangelsk / Chuguevka, dúiche Chuguev, críoch Primorsky Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: iar-Cheann an Ghrúpa Wagner i Mailí Seoladh: Anaithnid, cláraithe sa bhaile Shatki, sa réigiún Nizhni Novgorod de réir “All eyes on Wagner”	Ba é Ivan Aleksandrovitch Maslov ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí, a bhfuil a láithreacht sa tír méadaithe ó dheireadh 2021 i leith. Tharraing an Grúpa Wagner siar ó Mhailí i mí an Mheithimh 2025 agus cuireadh Cór na hAfraice ina ionad, agus tuairiscítear go ndearna Cór na hAfraice an chuid is mó de phearsanra na Rúise de chuid Wagner a ath-imeascadh. Chuir láithreacht Wagner i Mailí síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre i mbaol. Go háirithe, bhí saighdiúirí tuarastail Wagner páirteach i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe iomadúla ar chearta an duine i Mailí, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, mar a rinneadh le linn an “Moura massacre” ag deireadh mhí an Mhárta 2022, mar shampla. Agus é ina iarcheannaire áitiúil ar an ngrúpa Wagner, dá bhrí sin, tá Ivan Maslov freagrach as gníomhaíochtaí an Ghrúpa Wagner a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhailí i mbaol, go háirithe rannpháirtíocht an ghrúpa sin i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe ar chearta an duine.	25.2.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2436/oj

B. Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	DIAW, Malick	Áit bhreithe: Ségou Dáta breithe: 2.12.1979 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: B0722922 bailí go dtí an 13.8.2018 Inscne: fireann Post: Uachtarán an National Transition Council (orgán reachtach aistriú polaitiúil Mhailí), Leifteanant-Ghinearál	Tá Malick Diaw ina bhall lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta. Agus é ina cheann foirne ar an tríú réigiún míleata, is é sin Kati, bhí sé ar dhuine de ghríosóirí agus de cheannairí an coup a rinneadh an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué, an Coirnéal Assimi Goïta, an Coirnéal Sadio Camara agus an Coirnéal Modibo Koné. Tá Malick Diaw freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Is príomhghníomhaí i gcomhthéacs aistriú polaitiúil Mhailí é Malick Diaw freisin agus é ina Uachtarán ar an National Transition Council (CNT) ó mhí na Nollag 2020. An 16 Deireadh Fómhair 2024, thug Comhairle Airí Mhailí ardú céime do Malick Diaw go Leifteanant-Ghinearál “3 réalta”. Níor éirigh le CNT na “misin” atá cumhdaithe sa Chairt Idirthréimhseach dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 (“Cairt Idirthréimhseach”) agus ba cheart a chríochnú laistigh de 18 mí a chur i gcrích in am trátha, mar is léir ón moill a bhí ar CNT an dréachtbhille toghcháin a fhormhuiniú. Chuidigh an mhoill sin le moill a chur ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, moill ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil. Ina theannta sin, leis an mbille nua toghcháin, a ghlac CNT ar deireadh an 17 Meitheamh 2022 agus a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht Mhailí an 24 Meitheamh 2022, ceadaítear don Uachtarán Idirthréimhseach, don Leas-Uachtarán Idirthréimhseach agus do chomhaltaí an Rialtais Idirthréimhsigh a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha, rud atá ag teacht salach ar an gCairt Idirthréimhseach. Bhí Malick Diaw i gceannas ar an seisiún inar formheasadh an t-athbhreithniú ar an gCairt Idirthréimhseach an 3 Iúil 2025 lena dtugtar sainordú inathnuaite 5 bliana do Assimi Goïta gan toghcháin. Leis an athbhreithniú ar an gCairt Idirthréimhseach, déantar post Assimi Goïta agus cumhachtaí an junta a chomhdhlúthú toisc nach bhfuil oibleagáid láithreach inti toghcháin a reáchtáil. Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Malick Diaw) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, tá Malick Diaw ag cur bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus ag baint an bhoinn den chur i gcrích sin.	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	WAGUÉ, Ismaël	Áit bhreithe: Bamako Dáta breithe: 2.3.1975 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta AA0193660 bailí go dtí an 15.2.2023 Inscne: fireann Post: An tAire Athmhuintearais, Leifteanant-Ghinearál	Tá an Maor-Choirnéal Ismaël Wagué ina chomhalta lárnach de chiorcal inmheánach an Choirnéil Assimi Goïta, agus bhí sé ar dhuine de ghríosóirí an coup an 18 Lúnasa 2020, in éineacht leis an gCoirnéal Goïta, an Coirnéal Sadio Camara, an Coirnéal Modibo Koné agus an Coirnéal Malick Diaw. An 19 Lúnasa 2020, d'fhógair sé go raibh an t-arm tagtha i gcumhacht, agus bhí sé ansin ina urlabhraí don Choiste Náisiúnta um Shlánú na nDaoine (*Comité national pour le salut du peuple*, CNSP). An 16 Deireadh Fómhair 2024, thug Comhairle Airí Mhailí ardú céime do Ismaël Wagué go Leifteanant-Ghinearál "3 réalta". Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol. Agus é ina Aire Athmhuintearais sa Rialtas Idirthréimhseach ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, bhí Ismaël Wagué i gceannas ar an gComhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí a chur i bhfeidhm. Trína ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus trína easaontú gan staonadh le comhaltaí an Bhuanchreata Straitéisigh (*Cadre Stratégique Permanent*, CSP), chuidigh sé le bac a chur ar Choiste Faireacháin an Chomhaontaithe um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí (*Comité de suivi de l'accord*, CSA), rud a d'fhág gur cuireadh cruinnithe CSA ar fionraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go mí Mheán Fómhair 2022. Chuir an staid sin bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, atá ar cheann de "misin" aistriú polaitiúil Mhailí dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chairt Idirthréimhseach. An 25 Eanáir 2024, cháin an Rialtas Idirthréimhseach an Comhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí go géar agus dhearbhaigh sé go gcuirfí deireadh leis láithreach. Ón dáta sin i leith, tá méadú suntasach tagtha ar na srianta forlámhacha atá á bhforchur ag an Rialtas Idirthréimhseach. Ghlac Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ismaël Wagué) i mí na Samhna 2021 de bharr na moille a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus, ar an gcaoi sin, ar thabhairt chun críche aistriú polaitiúil Mhailí. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil ar bun. Tá Ismaël Wagué freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí a chuireann an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Mailí i mbaol, agus tá sé ag cur bac ar aistriú polaitiúil Mhailí a thabhairt chun críche go rathúil, agus tá an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin.	4.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2436/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	MAÏGA, Ibrahim Ikassa	Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí Dáta breithe: 5.2.1971 Náisiúntacht: Mailíoch Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí Inscne: fireann Post: iar-Aire um an Athbhunú	Is comhalta de choiste straitéiseach M5-RFP é Ibrahim Ikassa Maïga (*Mouvement du 5 juin – Rassemblement des forces patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita. Agus é ina Aire um an Athbhunú ó mhí an Mheithimh 2021 go mí na Samhna 2024, bhí Ibrahim Ikassa Maïga freagrach as na Comhairliúcháin Náisiúnta um an Athbhunú (*Assises nationales de la Refondation*, ANR), a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga, a phleanáil. Fiú tar éis do dhuine eile ról Ibrahim Ikassa Maïga a ghlacadh sa rialtas ina ionad, chuir sé é féin in iúl go polaitiúil agus i ndlúthpháirtíocht le rialtas Mhailí, rud a léiríonn go bhfuil dlúthnaisc fós aige leis an rialtas sin. Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar an amchlár le haghaidh athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana. Mar thoradh ar amchlár athbhreithnithe a tíolacadh i mí an Mheithimh 2022, inar foráladh go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach an 21 Meán Fómhair 2023 go gcuirfí na toghcháin siar arís. An 25 Eanáir 2024, cháin an Rialtas Idirthréimhseach an Comhaontú um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí go géar agus dhearbhaigh sé go gcuirfí deireadh leis láithreach. Ón dáta sin i leith, tá méadú suntasach tagtha ar na srianta forlámhacha atá á bhforchur ag an Rialtas Idirthréimhseach. Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus ar chur i gcrích aistriú polaitiúil Mhailí.	4.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseach úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil ar bun. Mar iar-Aire, comhbhunaitheoir Espoir Mali Koura agus comhbhunaitheoir M5-RFP (*Mouvement du 5 juin – Rassemblement des forces patriotiques*), leanann Ibrahim Ikassa Maïga de thionchar a bheith aige ar, agus de bheith ag tacú go láidir le junta Mhailí. I bhfianaise na ráiteas poiblí uaidh, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a thabhairt ar láimh d'údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin.	
6.	Ivan Aleksandrovitch MASLOV Иван Александрович МАСЛОВ	Dáta breithe: 11.7.1982 nó 3.1.1980 Áit bhreithe: sráidbhaile Arkhangelsk / Chuguevka, dúiche Chuguev, críoch Primorsky Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: iar-Cheann an Ghrúpa Wagner i Mailí Seoladh: Anaithnid, cláraithe sa bhaile Shatki, sa réigiún Nizhni Novgorod de réir "All eyes on Wagner"	Ba é Ivan Aleksandrovitch Maslov ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí, a bhfuil a láithreacht sa tír méadaithe ó dheireadh 2021 i leith. Tharraing an Grúpa Wagner siar ó Mhailí i mí an Mheithimh 2025 agus cuireadh Cór na hAfraice ina ionad, agus tuairiscítear go ndearna Cór na hAfraice an chuid is mó de phearsanra na Rúise de chuid Wagner a ath-imeascadh. Chuir láithreacht Wagner i Mailí síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre sin i mbaol. Go háirithe, bhí saighdiúirí tuarastail Wagner páirteach i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe iomadúla ar chearta an duine i Mailí, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, mar a rinneadh le linn an "Moura massacre" ag deireadh mhí an Mhárta 2022, mar shampla. Agus é ina iarcheannaire áitiúil ar an nGrúpa Wagner, dá bhrí sin, tá Ivan Maslov freagrach as gníomhaíochtaí an Ghrúpa Wagner a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhailí i mbaol, go háirithe rannpháirtíocht an ghrúpa sin i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe ar chearta an duine.	25.2.2023'